Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7537/25**

**MIGR 110**
**JAI 385**
**ASIM 25**
**FRONT 74**
**FIN 352**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Márta 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7001/25 + COR 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú san Aontas Eorpach — Tacaíocht ábhartha ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, ach níorbh fhéidir a thionchar a léiriú fós<br>– *Conclúidí ón gComhairle (an 27 Márta 2025)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú san Aontas Eorpach — Tacaíocht ábhartha ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, ach níorbh fhéidir a thionchar a léiriú fós',

a ghlac an Chomhairle (Comhshaol) ag an 4089ú cruinniú a bhí aici, an 27 Márta 2025.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:
**'Náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú san Aontas Eorpach — Tacaíocht ábhartha ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, ach níorbh fhéidir a thionchar a léiriú fós'**

AN CHOMHAIRLE

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta 26/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta).

2. LEAGANN SI BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtach as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, go háirithe chun tacú le bearta lánpháirtíochta do náisiúnaigh tríú tír agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha laistigh den Aontas.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

   - Bhí ról ábhartha ag an tacaíocht ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht i dtaca le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú san Aontas, ach nárbh fhéidir a thionchar a léiriú fós.

   - Cuireann an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht creat reachtach soiléir ar fáil do lánpháirtiú náisiúnach tríú tír ach tá castacht riaracháin ag baint leis.

   - Bhí an comhordú idir an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus Ciste Sóisialta na hEorpa teoranta in 2014–2020 ach feabhsaíodh é le haghaidh 2021–2027.

   - Tacaíonn an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le gníomhaíochtaí lánpháirtíochta ábhartha, cé go n-athraíonn oiriúnú do ghrúpaí sonracha de réir na mBallstát.

   - Cuireann teorainneacha san fhaireachán agus sa bhailiú sonraí bac ar mheasúnú iomlán ar thionchar an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht ar lánpháirtiú san Aontas.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI leithdháileadh an bhuiséid mhéadaithe do bhearta lánpháirtíochta faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht do 2021-2027, ag aithint a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na bearnaí socheacnamaíocha atá os comhair náisiúnaigh tríú tír agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na dtionscadal gaolmhar.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas, go háirithe, a dhéanamh:

- Anailís ar an gcaoi le bearnaí sa mhaoiniú a shainaithint, agus clársceidealú na tacaíochta ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh lánpháirtíocht náisiúnaigh tríú tír a shruthlíniú agus tuairisciú a dhéanamh ar a chuid torthaí don Chomhairle.

- Dea-chleachtais maidir le tacaíocht ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh bearta lánpháirtíochta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh.

- Iontaofacht na sonraí agus faireachán an tuairiscithe maidir le tacaíocht ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh lánpháirtíochta a fheabhsú.

- Anailís ar an gcaoi le feabhas a chur ar an gcreat tuairiscithe ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na tacaíochta ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh conairí lánpháirtíochta do náisiúnaigh tríú tír.